

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

# CLÁR NA SAMHNA 2020

## SAMHAIN PROGRAMME 2020

**MEÁN FÓMHAIR – SAMHAIN**
**SEPTEMBER – NOVEMBER**

zoom

## Focal ón Stiúrthóir

Tá neart le baint ón fhómhar seo le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. Is deis dúinn é an corp agus an t-anam a athnuachan tar éis imeachtaí bríomhara an tsamhraidh agus fonn orainn toiseacht amach ar aistear nua, cé acu a rachaidh tú ag foghlaim na Gaeilge, ag cumadh filíochta nó ar an aistear ceoil a bheas mar chuid den chomhfhiontar iontach atá á reáchtáil againn in éineacht le Myra Zepf agus Ceolfhoireann Uladh, 'Mo Cheol Thú!'



Mar is nós linn, beidh neart imeachtaí tarraingteacha ann do gach aoisghrúpa gus muid muiníneach go mbeidh sibh ábalta bhur n-aistear pearsanta, pléisiúrtha féin a dhéanamh linn. Cé nach mbeidh muid faoi dhíon na Cultúrlainne féin i gcónaí, tá agus beidh muid le chéile i spiorad agus in anam.

Tá ócáid thábhachtach dár gcuid féin le ceiliúradh ar an bhliain seo chugainn nuair a bheas Cultúrlann McAdam Ó Fiaich tríocha bliain ar an fhód. Tá Gráinne Ní Ghilín ceaptha againn mar chomhordaitheoir tionscadail agus súil againn neart imeachtaí cumhacha ceiliúrtha a eagrú sa tréimhse amach romhainn, ag toiseacht le seoladh taispeántas de na saothair ealaíne atá bailithe ag an Chultúrlann le 30 bliain anuas. Beidh scoth an tsaothair le feiceáil i nDánlann Dillon.

Tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich tiomanta i gcónaí do sheirbhísí ealaíon agus cultúir ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár bpobal, idir óg agus aosta. Ó bhí mí an Mhárta ann, bhí sé seo níos dúshlánaí ná riamh agus muid ag seoladh fríd uiscí éiginnte na diang-hlasála. Ina ainneoin sin, d'éirigh linn cláir chuimsitheacha, spleodracha a sholáthar agus táimid iontach buíoch as an tacaíocht agus as an dílseacht a léirigh sibh dúinn i rith na tréimhse sin. Déanann bhur dtuairimí agus moltaí bonn eolais a chur faoi na cláir agus

na himeachtaí a sholáthraíonn muid agus ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a thóg an t-am leis an tsuirbhé a chomhlánú.

**Ní neart go cur le chéile. Go raibh maith agaibh!**

## Word from director

There are many harvests to reap with Cultúrlann McAdam Ó Fiaich this fómhar. Autumn provides an opportunity to refresh and revitalise after the summer escapades and many of us feel inclined to embark on new journeys of discovery, be that learning Irish, composing poetry or going on a musical journey with the fantastic new collaborative project 'Play me a Story!' with Quotidian and the Ulster Orchestra.

As usual, we have a packed programme filled with events for all ages to excite and inspire and we hope that you are able to embark on your own personal journey with us and even though we won't always be under the one roof, we have and will continue to be together in spirit and soul.

We have our own special event upcoming as we celebrate 30 years of Cultúrlann McAdam Ó Fiaich in 2021. To that end, we have appointed Gráinne Ní Ghilín to co-ordinate a series of nostalgic, celebratory events charting the journey of discovery which is 30 years a-growing. This begins in earnest in September with a special art exhibition 'The Cultúrlann Collection', featuring some of the fine art we have collected over the past 30 years.

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich remains as committed as ever to providing high quality art and cultural experiences for our community, both young and old. From March, this has been more challenging than ever as we have navigated the uncertain waters of lockdown. Despite the challenges, we have been able to produce comprehensive, engaging programmes and we are extremely grateful for the support and loyalty you have shown during this period. Your opinions and feedback informs our programming and we would like to express our sincere gratitude to every one of you who completed our recent survey.

*Ciarán Mac Giolla Bhéin*
**Stiúrthóir Feidhmeach**
**Executive Director**

## Teachtaireacht ónár bpríomh-mhaoinitheoir

Tá rudaí suntasacha ag tarlú sna healaíona. Tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ina cuid thábhachtach le fada an lá de líonrá na n-ionad a sholáthraíonn, le tacaíocht ón Chomhairle Ealaíon, raon iomlán gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus léirithe ar fud an tuaiscirt. An tuiscint go mbaineann muid le líonra níos leithne, tagann sin go nádúrtha linn, agus tá an meon sin ag éirí níos ábhartha le cúpla mí anuas, áfach, agus an oiread sin ealaíne níos inrochtana ag an oiread sin daoine, de réir mar a d'iompaigh eagraíochtaí níos mó agus níos mó ar chláir ar líne. Ciallaíonn na meáin shói-sialta gur féidir taitneamh a bhaint as na himeachtaí cruthaitheacha iontacha i gclár nua na Cultúrlainne, Is cuma cé acu i mBéal Feirste, i mBéal Átha Sea-naidh nó sna hOileáin Bhailéaracha atá tú i do chónaí. Táimid anois ag roinnt ár gcultúr agus ár gcruthaitheacht le lucht féachana níos leithne agus níos éagsúla ná mar a shamhlófaí riamh.

Ceann de na rudaí dearfacha a tháinig chun cinn le linn na paindéime uafásaí seo is ea freagairt na n-ealaíontóirí agus na n-eagraíochtaí ealaíon, a ghlac chucu féin réitigh dhigiteacha agus ar líne chun lucht féachana - sean agus nua - a mhealladh. Agus ní raibh tóir an phobail ar na healaíona chomh soiléir riamh. Thug na healaíona mis-neach agus siamsaíocht dúinn le linn na dianghlasála; agus is íocshláinte iad in aimsir seo na srianta sóisialta leanúna-cha; agus tá deiseanna nua á n-oscailt acu.

Mar sin féin, ní féidir aon rud a chur in áit an ardphléisiúir a bhaineann le léirithe agus imeachtaí beo, fisiciúla, a mbaintear taitneamh astu i gcuideach-ta daoine eile - mar a tharla i gcónaí in áiteanna mar an Chultúrlann. Tá an poitéinseal ar líne ollmhór, ach ní dhéanann sé sin ach cur leis an taithí bheo, seachas áit na taithí sin a ghlacadh. In éineacht le tacaíocht mhaoinithe éigeandála COVID-19, tá an Chomhairle Ealaíon ag soláthar treorach agus maoinithe chun cuidiú leis na healaíona ar an bhóthar chuig athoscailt shábháilte a sholáthar don phobal. Le beagán den ádh, má mhaolaítear srianta ar scaradh sóisialta sna míonna amach romhainn beidh ár líonra eagraíochtaí ealaíon ábalta áb-har beo suntasach a chur i láthair arís. Ní bheidh duine ar bith níos sásta fáilte a chur romhat ar ais – i do steillbheatha - ná an Chultúrlann.

***Róisín McDonough,***
**Príomhfheidhmeannach,**
**Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann**

## Word from principal funder

Surprising things are happening in the arts. The Cultúrlann has long been an important component in the network of venues, supported by the Arts Council, which provide the full range of creative activities and performances across the north. The intuition of belonging to a wider network has, however, become increasingly relevant in recent months, with so much art having become so much more accessible to so many more people, as organisations have turned increasingly to online programming. Social media means that the wonderful creative events in Cultúrlann's Samhain programme can now be enjoyed equally, whether you live in Belfast, Ballyshannon or the Balearics. We are now sharing our culture and creativity with wider and more diverse audiences than we would ever have dreamed of reaching.

One of the positive things to have emerged during this dreadful pandemic has been the response of artists and arts organisations, who have embraced digital and online solutions to engage audiences – old and new. And the public's appetite for the arts has never been more apparent. The arts uplifted and entertained throughout lockdown; they continue to provide a welcome tonic to the ongoing social restrictions; and they are opening up new vistas of opportunity.



There is, however, no substitute for the buzz of live, in-person, performances and events, enjoyed in the company of others – the kind we once took for granted at places like the Cultúrlann. The online potential is enormous, but it complements, rather than replaces, the live experience. Alongside emergency COVID-19 funding support, the Arts Council is providing guidance and funding to help the arts along the road to safe reopening to the public. With luck, relaxing of social distancing restrictions in the months ahead will allow our network of arts organisations to once again programme significant live content. No one will be happier to welcome you back – live and in-person – than the Cultúrlann.

***Roisín McDonough,***
**Chief Executive,**
**Arts Council of Northern Ireland**




## An Ceathrú Póilí

Cúis mhór áthais dúinn bheith oscailte don phobal arís. Uaireanta teoranta a bheas ann go ceann tamaill: 10rn-4in, Luan go Satharn. Tá an siopa ar line – **www.anceathrupoili.com** – oscailte 24/7!

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

We are very happy to be open to the public again. For the time being, our opening hours are 10am-4pm, Mon-Sat. Our online shop – **www.anceathrupoili.com** – is open 24/7.

An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

*WWW.ANCEATHRUPOILI.COM*




## BIA

**Athoscailte | Reopened**
Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bí agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde!
**Bígí linn! Le tábla a chur in áirithe, cuir glaoch orainn ar 028 90964184**

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bia is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards!
**Come and join us! To book a table, call us on 028 90964184**

| BIA | 02890 964184 |
|---|---|
| Uaireanta Oscáilte \| Opening Hours | |
| ***Dé Luain \| Monday*** *– 9:00AM – 6:30PM* | |
| ***Dé Máirt \| Tuesday*** *– 9:00AM – 6:30PM* | |
| ***Dé Céadaoin \| Wednesday*** *– 9:00AM – 8:30PM* | |
| ***Déardaoin \| Thursday*** *– 9:00AM – 8:30PM* | |
| ***Dé hAoine \| Friday*** *– 9:00AM – 9:00PM* | |
| ***Dé Sathairn \| Saturday*** *- 9:00AM – 9:00PM* | |
| ***Dé Domhnaigh \| Sunday*** *– 10:00AM – 8:00PM* | |



## Mo Cheol Thú!

**Cad é mar a insíonn tú scéal fríd an cheol?**

Tá freagra na ceiste sin ag Ceolfhoireann Uladh agus ag an údar Máire Zepf! Éist leis na ceoltóirí agus iad ag insint scéal 'Rita' lena gcuid uirlisí. Agus ansin, beidh bhur sealsa agaibh, a pháistí! Beidh muid ar lorg scéalta agus pictiúr uaibhse, a pháistí, agus cumfaidh an cheolfhoireann ceol le cur leis na cinn is ansa leo.

Coinnigh súil ghéar ar na meáin shóisialta le haghaidh tuilleadh eolais faoin fhiontar seo.

**Comhfhiontar atá anseo idir Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Ceolfhoireann Uladh agus Quotidian – Word on the Street.**

## Play me a Story!

**How do you tell a story through music?**

Find out in this project from the Ulster Orchestra and author Máire Zepf! Listen to the musicians telling a 'Rita' story with their instruments. And then it's over to you, children! We will be looking for your stories and pictures, and the musicians will compose music for their favourite ones.

Keep an eye on our social media platforms for more details about this project.

**This is a collaborative venture between Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, the Ulster Orchestra and Quotidian – Word on the Street.**

ULSTER ORCHESTRA Let's Play



## Coirnéal na Litríochta
**An tSnáthaid Mhór**

Beidh saibhreas na litríochta, dírithe ar dhaoine óga, á roinnt go rialta againn i gcomhar leis an údar iomráiteach Myra Zepf agus leis na foilsitheoirí iontacha An tSnáthaid Mhór. Beidh scothscéalta ar fáil a chuirfeas gliondar ar óg agus ar aosta.

## Literature Corner
**An tSnáthaid Mhór**

We will regularly share the very best in Irish literature for children in partnership with renowned author Myra Zepf and award-winning publishers An tSnáthaid Mhór. Enjoy these amazing stories that will lift the spirits of young and old alike.




| *ÓIGE AGUS TEAGHLAIGH / CHILDREN AND FAMILY* | *Suíomh* |
| --- | --- |
| *MUIREANN AGUS AN TEACH SOLAIS*<br>**19/09/20** \| *3PM* | |



## Airneál na nÓg

Tá muid ag súil le cúrsa ceithre seachtaine d'Airneál na nÓg a reáchtáil a fhorbróidh scileanna na ndaoine óga sna healaíona Gaelacha lena n-áirítear an scéalaíocht agus an amhránaíocht.

**Coinnigh súil ghéar ar na meáin shóisialta do thuilleadh eolais.**

We are looking  forward to delivering a four week Airneál na nÓg programme which will develop young people's skills in Irish arts including storytelling and singing.

**Keep an eye on our social media for further information.**




## Bailiúchán na Cultúrlainne

Beidh 30 bliain ann in 2021 ó bunaíodh Cultúrlann McAdam Ó Fiaich agus mar thús leis an cheiliúradh beidh taispeántas spéisiúil againn le rogha den saothar atá i mbailiúchán na Cultúrlainne féin. De ghnáth, bíonn na píosaí ealaíne seo ar bhallaí na seomraí ranga agus na staighrí agus ní bhíonn deis ag na cuairteoirí uile a thagann anseo iad a fheiceáil. Tá siad tugtha le chéile i nDánlann Dillon anois, áfach, ionas gur féidir le gach duine taitneamh a bhaint astu. Tá pictiúir, líníochtaí agus priontaí ann a cheannaigh an Chultúrlann, nó a deonaíodh dúinn thar na blianta. Tá saothar ann le cuid de na healaíontóirí is aitheanta in Éirinn, aos ealaíne Bhéal Feirste ina measc.

## Cultúrlann Collection

To kick off our 30 year celebration of the opening of Cultúrlann McAdam Ó Fiaich in 1991, we are delighted to exhibit a selection of paintings, drawings and prints from our own collection. Pieces that usually adorn the walls of classrooms and stairwells, and are not necessarily visible to all visitors, are now presented in Dánlann Dillon for everyone to enjoy. Comprising works of art that were purchased and gifted over the years, the collection represents some of Ireland's best known artists as well as local favourites.

| |
|---|
| *POBAL AGUS EALAÍONA / COMMUNITY AND ARTS* |
| **01/10/20 – 27/11/20** |
| *DÁNLANN DILLON* |

# Bard, File, Bardd

Bígí cinnte gan an sár-léiriú filíochta seo a chailleadh leis na filí iomráiteacha, Ciara Ní É, Pàdraig Mac Aoidh agus Ifor ap Glyn. Agus muid ag ceiliúradh Oíche Chultúir, tá sé feiliúnach go ndíreoidh muid ar ár dteangacha dúchais agus ar na mothúcháin a spreagann siad ionainn, a chuimsíonn téamaí na rogha, an éada/ na méine, an mheadhráin agus na todhchaí.

| *POBAL AGUS EALAÍONA / COMMUNITY AND ARTS* | |
|---|---|
| *Am agus Dáta* | *Suíomh* |
| **18/09/20** \| *8:30PM* | Facebook, YouTube |

Be sure not to miss this superb poetry presentation with renowned poets, Ciara Ní É, Padraig Mac Aoidh and Ifor ap Glyn. As we celebrate Culture Night, it is timely that we look at our indigenous languages and what they mean to us encompassing the themes of choice, envy/desire, exhilaration and the future.



## Ciara Ní É


Scríbhneoir Cónaithe OCBÁC 2020 í Ciara Ní É. Ise a bhunaigh an oíche 'mic oscailte' REIC, a mbíonn filíocht ó bhéal, rap, ceol, scéalta, agus eile le cloisteáil ann. Tá a cuid filíochta léite aici i Nua-Eabhrac, i Londain, sa Bhruiséil, sa tSualainn, agus sa bhaile in Éirinn. In 2019 ceapadh í ina hambasadóir le hÁras Scríbhneoirí na hÉireann. Foilsíodh saothar dá cuid agus aistí liteartha léi in irisí éagsúla, Icarus agus Comhar ina measc. Tá a céad chnuasach filíochta idir lámha aici faoi láthair. Roghnaíodh í don scéim 'Introductions' de chuid Poetry Ireland sa bhliain 2017, agus orthu siúd a choimisiúnaigh saothar dá cuid tá RTÉ TV, BBC Radio, TG4, agus The Irish Writers Centre.

Ciara Ní É is the DCU Writer in Residence 2020. She established the open mic night REIC where the spoken word, rap, music, stories and more can all be heard. She has performed her poetry in New York, London, and Brussels, Sweden and at home here in Ireland. In 2019 Ciara became the ambassador for the Irish Writers Centre. Her poetry and literary essays have been published in various journals including Icarus and Comhar. She is currently working on her first collection of poems. Included in her commissioned work are pieces for RTÉ TV, BBC Radio, TG4 and The Irish Writers Centre.

## Ifor ap Glyn

Is craoltóir agus file aitheanta é Ifor ap Glyn a bhfuil go leor duaiseanna buaite aige. Rugadh é i Londain do thuismitheoirí Breatnacha ach tá cónaí air anois i gCaernarfon. Ceapadh mar Fhile Náisiúnta na Breataine Bige é in 2016, gradam a bhronnann 'Literature Wales', agus is é Ifor an ceathrú file leis an ghradam sin a bhaint amach. Is é a ról é bheith ag freagairt d'imeachtaí a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo agus bheith ar an ardán ag imeachtaí agus féilte fud fad an domhain ag ardú feasachta ar scríbhneoireacht agus ar scríbhneoirí na Breataine Bige. Tá Coróin na filíochta buaite aige faoi dhó ag an Eisteddfod Náisiúnta.

Mae Ifor ap Glyn yn fardd a darlledwr arobryn. Cafodd ei eni yn Llundain i rieni Cymraeg ond mae bellach yn byw yng Nghaernarfon.Cafodd ei enwi yn bedwerydd Bardd Cenedlaethol Cymru yn 2016.  Rheolir cynllun Bardd Cenedlaethol Cymru gan Llenyddiaeth Cymru. Disgwylir iddo ymateb i ddigwyddiadau o bwys cenedlaethol ac ymddangos mewn digwyddiadau a gwyliau yng Nghymru a thu hwnt i godi proffil awduron ac ysgrifennu o Gymru. Mae e wedi enill Coron yr Eisteddfod Genedlaethol ddwywaith.



Ifor ap Glyn is an award-winning broadcaster and poet. He was born in London to Welsh parents but now lives in Caernarfon. He became the 4th National Poet of Wales in 2016. The National Poet of Wales initiative is delivered by Literature Wales. His role is to respond to events of national significance and to appear at events and festivals worldwide to raise the profile of writing and writers from Wales. He has twice won the Crown for poetry at the National Eisteddfod.

## Pàdraig MacAoidh



Is as Oileán Leòdhais sna hInse Ghall Amuigh do Phàdraig MacAoidh. D'fhoilsigh Acair a chéad duanaire filíochta Gu Leòr/Galore sa bhliain 2015 agus gearrliostaíodh é don duais Donald Meek agus don Saltire Scottish Poetry Book of the Year. Foilsíodh a dhara bailiúchán, Nàdur De ar na mallaibh. Foilsíodh a shaothar go forleathan in irisleabhair, irisí agus ar líne agus ar an raidió agus aistríodh go Gearmáinis, Fraincis, Gaeilge, Seicis, Slóvaicis agus Béarla é. Oibríonn sé mar léachtóir ag Ollscoil Chill Rìm-hinn (tar éis sealanna a chaitheamh ag obair in Ionad Filíochta Seamus Heaney, Ollscoil na Tríonóide i mBaile Átha Cliath, agus mar iriseoir craol-acháin agus léiritheoir don BBC). Tá cónaí air i nDún Éideann

''S ann à Eilean Leòdhais anns na h-Eileanan Siar a tha Pàdraig Ma-cAoidh. Chaidh Gu Leòr, a chiad chruinneachadh leis, fhoillseachadh le Acair ann an 2015; bha sin air gearr-li-osta na Duaise Saltire airson Leabhar Bàrdachd na Bliadhna. Tha dàrna leabhar leis, Nàdur De, air ùr-noch-dach am bliadhna-sa. Tha a chuid bàrdachd air nochdadh fad 's farsaing ann an irisean 's paipearan-naid-heachd agus air an rèidio, agus chaidh a thionndadh gu Gearmailteach, Frangais, Gaeilge, Seicis, Slòbhacais agus Beurla. Tha e ag obair mar oraid-aiche aig Oilthigh Chill Rìmhinn (an dèidh bliadhnaichean ag obair anns an Seamus Heaney Centre for Poetry, Colaisde na Trionaid ann am Baile Átha Cliath, agus airson a' BhBC mar fhear-naidheachd agus riochdaire).

Peter Mackay is from the Isle of Lewis in the Outer Hebrides. His first collection of poems, Galore, was published by Acair in 2015 and was on the shortlist for the Saltire and Donald Meek Prizes; his second collection, Some Kind Of, has just been published. His work has been widely published in journals, magazines and online and on the radio, and translated into German, French, Irish, Czech, Slovakian and English. He works as a lecturer at the University of St Andrews (after spells working at the Seamus Heaney Centre for Poetry, Trinity College Dublin and as a broadcast journalist and produc-er for the BBC).



## Coirnéal an Cheoil
## Music Corner

Bígí linn achan Satharn nuair a chraolfar beo scoth an cheoil thraidisiúnta ó shárcheoltóirí agus sháramhránaithe ar ár leathanach Facebook.
Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians which will be streamed live on our Facebook page.

| *POBAL AGUS EALAÍONA / COMMUNITY AND ARTS* | |
|---|---|
| *Am agus Dáta* | |
| **1:00 - 1:45pm** | |
| **05/09/20** - *JOHN TRACEY & NEIL Ó BRIAIN*<br>**12/09/20** - *NIAMH NIC IONNRACHTAIGH*<br>**19/09/20** - *CONOR LAMB & DEIRDRE GALWAY*<br>**26/09/20** - *CLANN MHIC BRÁDAIGH* | |
| *Suíomh* | f |
| **Tuilleadh le fógairt** \| *MORE TO BE ANNOUNCED* | |



# Fleadh Feirste

## 3-5 Nollaig | 3-5 Dec

**Bí linn do mheascán iontach de cheol, ealaín, plé agus ceardaíocht do pháistí, a bheas ag teacht chugat go fíorúil ón Cheathrú Ghaeltachta.**
**Join us for a fantastic mix of music, art, discussion and children's crafts, coming to you virtually from the Gaeltacht Quarter.**

Tá Fleadh Feirste á heagrú i gcomhar le heagraíochtaí eile as fud fad na Ceathrún Gaeltachta.
Fleadh Feirste is organised in partnership with other Gaeltacht Quarter organisations.

# SAMHAIN

AR LÍNE

DÉ hAOINE 30Ú DEIREADH FÓMHAIR | 8:30PM

## Ceolchoirm na Samhna le Music in the Glen

| POBAL AGUS EALAÍONA / COMMUNITY AND ARTS | |
|---|---|
| *Am agus Dáta* | *Suíomh* |
| **30/10/20** \| *8:30PM* | Facebook, YouTube |
| **Nasc le haghaidh Síntiúis** \| *http://paypal.me/culturlann* | |

Is cuid de thraidisiún ársa réamh-Chríostaí na gCeilteach í Féile na Samhna. Is ag an am seo, leath bealaigh idir cónocht an fhómhair agus grianstad an gheimhridh a cheiliúrtar séasúr an fhómhair agus a fhógraítear tús an gheimhridh agus na leithe dorcha den bhliain. Creidtear go mbristear na bacainní idir an domhan fisiciúil agus an domhan spioradálta i rith na Samhna, rud a fhágann go mbíonn níos mó idirghníomhaíochta idir daoine daonna agus an Saol Eile ag an am sin. Bígí linn leis an tSamhain a cheiliúradh le plúr an cheoil agus an tseanchais thraidisiúnta a bhuí le Music in the Glen & Cleamairí Feirste!

Samhain is a pagan religious festival dating from the pre-Christian world of the Celts. It occurs at the midpoint between the fall equinox and the winter solstice and welcomes in the harvest while ushering in the winter and the dark half of the year. Celebrants believe that the barriers between the physical world and the spirit world break down during Samhain, allowing more interaction between humans and the Otherworld.
Be sure to join us in the celebration of Samhain with the best of traditional music courtesy of Music in the Glen!

## Music in the Glen

Cumasc tallainne an triúir seo – Brendan Mulholland ar an fheadóg mhór, Conor Lamb ar an phíb uilleann agus Deirdre Galway ar an ghiotár – a chruthaíonn an rithim agus an t-anam ar leith atá de dhlúth is d'inneach cheol na hÉireann.

Music In The Glen are an exciting trio performing the very best of Irish traditional music. Featuring the combined talents of Brendan Mulholland (flute) and founding



Réalta members Conor Lamb (uilleann pipes, whistles) and Deirdre Galway (guitar), these musicians deliver the infectious rhythm and soul which are the hallmarks of Irish music.

## Cleamairí Feirste

Déanann Cleamairí Feirste an traidisiún cleamaireachta dúchasach a chur chun cinn. Fríd an tseanchas agus an cheol, déanann Cleamairí Feirste na féilte Ceilteacha a cheiliúradh agus na deasgnátha ársa a choinneáil beo. Tá siad bródúil as traidisiún na gcleamairí agus lucht an dreoilín a leanstan agus a chur chun cinn i mBéal Feirste agus níos faide i gcéin agus is cinnte go ndéanfaidh siad léiriú spleodrach mar chuid de cheiliúradh na Samhna againn.



Cleamairí Feirste promote the tradition of indigenous mumming and celebrate the Celtic festivals keeping the ancient rituals alive. They are proud to promote and continue the mumming tradition of the Cleamairí in Belfast and beyond and will be sure to put on a show as part of our Samhain celebration




## Slam Filíochta

Beidh deis eile ann dánta Slam Filíochta Liú Lúnasa a fheiceáil arís i rith mí Mheán Fómhair. Bhí sár-iontrálacha ó fud fad na tíre san iomaíocht i mbliana agus chuir sé bród ar choiste Liú Lúnasa go raibh rath agus bláthú ar an chomórtas arís i mbliana. Comhghairdeas mór le hachan duine a bhí páirteach.

*POBAL AGUS EALAÍONA / COMMUNITY AND ARTS*

**Luan - Aoine** | *6PM | LE LINN MHEÁN FÓMHAIR*
**Monday - Friday** | *6PM | THROUGHOUT SEPTEMBER*

*Suíomh*

There will be another chance to watch Liú Lúnasa's Slam Poetry poems during the month of September. There were brilliant entries from all over the country in contention this year and it made the Liú Lúnasa committee proud to see the competition flourish once again this year. Congratulations to all who took part.



## Muintearas Filíochta / Belonging through Poetry

POBAL AGUS EALAÍONA / COMMUNITY AND ARTS


| Suíomh | Facebook, Twitter |
| --- | --- |

Ag teacht sna sála ar an chomórtas rathúil filíochta, d'fhógair muid go gcuirfí fáilte roimh dhánta ó gach cearn den tír. Ó shin i leith, tá saothar filíochta den scoth faighte againn a thugann misneach dúinn. Tá an togra seo ag dul ar aghaidh i rith an ama agus is féidir bhur ndánta a sheoladh chuig **caoimhin@culturlann.ie**

*Cuirfear amach ar ardáin éagsúla na Cultúrlainne iad.*

Building on our hugely successful poetry competition, we invited poems to be sent in from all over the country and these can be read on our social media platforms. We have been overwhelmed by the volume and quality of the material submitted. Keep them coming! You can forward your poems to **caoimhin@culturlann.ie**

*They will be shared across our social media platforms.*




## Ranganna Gaeilge

Leanann ranganna Gaeilge na Cultúrlainne ar aghaidh, a bhuí leis an nuatheicneolaíocht! Tá cúrsa 10 seachtaine ar fáil a chuimsíonn bunrang, meánrang agus rang comhrá.

**Tá táille £30 ar an chúrsa. Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le fionnuala@culturlann.ie**

Despite the lockdown, your hunger for learning Irish has not diminished and thanks to modern technology we can provide a 10 week long course which covers beginners, intermediate and a conversation class.

**There is a fee of £30 for the course. You can register or get additional information by contacting fionnuala@culturlann.ie**

| *OIDEACHAS / EDUCATION* | |
|---|---|
| 23/09/20-09/12/20 | *7PM* |
| *2X SEISIÚN40 BOM \| 2X 40 MINUTE SESSIONS* | |
| *SOS LÁR TÉARMA* 28/10/20 | *MID-TERM BREAK* 28/10/20 |
| *Suíomh* | zoom |

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH



## Leideanna Foghlama / Hints for Learning

Áis bhreise dóibh siúd atá ag foghlaim na Gaeilge, dírithe ar óg agus ar aosta. Tá an-ráchairt ar na postálacha seo, go háirithe i measc daoine a bhfuil páistí óga ar Ghaelscoileanna acu.

An additional resource for those of you learning Irish, both young and old. These posts have gained huge traction recently, especially among parents with children at Gaelscoileanna.

| *OIDEACHAS / EDUCATION* | |
|---|---|
| **Dé Máirt agus Dé hAoine** | *10AM* |
| *Suíomh* | |



## Ranganna Amhránaíochta Sean-nós Singing Classes

(Zoom)

Tá ranganna ceoil na Cultúrlainne faoi lán seoil arís. Ceoltar amhráin Ghaeilge (ar an sean-nós) arna gcóiriú ag Doimnic Mac Giolla Bhríde, an ceoltóir iomráiteach a bhfuil Corn Uí Riada bainte aige. Beidh na ranganna saor in aisce agus mairfidh an cúrsa 6 seachtaine.

**Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le fionnuala@culturlann.ie**

The Cultúrlann singing classes are back! This class focuses primarily on the rich tradition of Sean-nós singing in Irish, prepared and delivered by the award winning singer, Doimnic Mac Giolla Bhríde. There are no fees for these classes, which will run for 6 weeks.

**You can register or get more info by contacting fionnuala@culturlann.ie**

| *OIDEACHAS / EDUCATION* | |
|---|---|
| **24/09/20 - 05/11/20** | *6PM* |
| *2X SEISIÚIN 40 BOM \| 2X 40 MINUTE SESSIONS* | |
| *SOS LÁR THÉARMA* **29/10/20** | *MID-TERM BREAK* **29/10/20** |
| *Suíomh* | zoom |



## Rang fheadóg stáin
## Tin whistle class

Seo deis duit scil nua a bhaint amach agus tú ag foghlaim an dóigh leis an Feadóg Stáin a sheinm leis an cheoltóir Cormac 'Buzz' O Briain ar líne. Tá an rang seo dírithe ar gh-lantosaitheoirí, ach tá fáilte roimh dhaoine de gach leibhéal. Is cúrsa 10 seachtaine é seo ina bhfoghlaimeoidh tú na buneilimintí a bhaineann leis an fheadóg stáin a sheinm.

**£35 don chúrsa,**
**feadóg stáin san áireamh**
**(le fáil fríd an phost nó le bailiú sa Chultúrlann)**
**Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le fionnuala@culturlann.ie**

This is your chance to gain a new skill and learn how to play the tin whistle with musician Cormac 'Buzz' O Briain online. This class is aimed at complete beginners, although people of all levels are welcome to join. This is a 10 week course where you will learn the basics of playing the tin whistle.

**£35 per course. Tin whistle included (can be posted out or collected from Cultúrlann)**
**You can register or get more info by contacting fionnuala@culturlann.ie**

| *OIDEACHAS / EDUCATION* | |
|---|---|
| 24/09/20-10/12/20 | *6PM* |
| *2X SEISIÚN 40 BOM \| 2X 40 MINUTE SESSIONS* | |
| *SOS LÁR TÉARMA* 29/10/20 | *MID-TERM BREAK* 29/10/20 |
| *Suíomh* | zoom |



## Ióga le Dunla
## Yoga with Dunla

Breathnaíonn and rang seo ar éagsúlachtaí struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá an rang seo foirfe do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon. Rang dátheangach
This class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level.

| | | |
|---|---|---|
| *OIDEACHAS / EDUCATION* | | |
| **Ag tosú \| Beginning** *08/09/20* | **Bilingual** | *6.30PM-7.30PM* |
| *RANG SEACHTAINIÚIL \| WEEKLY CLASS* | | |
| *Clárú \| Register:* ***fionnuala@culturlann.ie*** | | |
| *Suíomh* | | zoom |



## NA MEÁIN SHÓISIALTA
## SOCIAL MEDIA

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil. Coinnígí i dteagmháil linn agus bígí cinnte bhur bhfíseáin agus bhur ngrianghraif féin a roinnt linn más rud é go mbíonn sibh ag cleachtadh d'Airneál na nÓg sa bhaile, ag foghlaim Gaeilge ar Zoom, nó fiú ag baint sult as na ceolchoirmeacha ar líne sa bhaile! Ba bhreá linn cloisteáil uaibh. Cé nach dtig linn uilig a bheith i dteannta a chéile go fóill, is iontach an comhluadar ar líne a bheith againn.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained. Please keep in contact with us and send us your pictures and videos if you are practising with our music school at home, learning Irish on Zoom or even just relaxing and enjoying the concerts at home! Although we still can't all come together, we value your company online very much.

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

CISTE OIDHREACHTA HERITAGE FUND
Foras na Gaeilge
arts council of Northern Ireland LOTTERY FUNDED
Comhairle Chathair Bhéal Feirste
Ag treisiú le togáil na Gaeilge — An Ciste Infheistíochta Gaeilge
Department for Communities www.communities-ni.gov.uk